Ní éireadh leis an gCoimisiún an méid sin a bhaint amach i rith 2003 gan saineolas, gairmiúlacht agus dúthracht fhoireann an Choimisiúin, agus ba mhaith liom arís mo bhuíochas dóibh ar fad a chur in iúl mar gheall ar an méid a rinne siad do Chlár Oibre an Choimisiúin i 2003. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin leis na daoine agus na heagraíochtaí ar fad a chabhraigh le hobair an Choimisiúin i rith na bliana.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Seamus Brennan, TD, an tAire Iompair agus oifigigh na Roinne Iompair as ucht a gcuid tacaíochta i rith 2003.

William Prasifka
An Coimisinéir

29 Márta 2004.

ATHBHREITHNIÚ TRÍ LIMISTÉAR REACTHÚIL/FEIDHMÍOCH

TÁILLÍ AERFOIRT

Athbhreithniú Breithiúnach ar Chinneadh an Choimisiúin maidir le Táillí Aerfoirt

Cúlra

I ndiaidh Chinnidh an Choimisiúin a fhoilsiú i Lúnasa 2001 maidir le Táillí Aerfoirt, chuardaigh Aer Rianta, i ndiaidh a n-easaontas leis an gcinneadh a chur in iúl, achomharc ina aghaidh i mí Dheireadh Fómhair 2001. Thosaigh éisteacht an cháis i mí na Samhna 2002. Cuireadh Aer Lingus agus Ryanair síos mar Pháirtithe Fógra le hordú Cúirte imí na Feabhra 2002.

Gníomhaíocht i 2003

Rinneadh trí Bhreithiúnas i 2003. Rinneadh an chéad cheann ar an 16 Eanáir a chuaigh i bhfabhar Rún an Choimisiúin gur mar phrionsabal nach dtagann aithint agus athbhreithniú botún faoi scáth athbhreithnithe breithiúnais ar bhailíocht an chinnidh. Tugadh an dara cinneadh Cúirte, ceann substainteach, ar an 3 Aibreán i bhfabhar an Choimisiúin ar gach ceist agus rinne sí Ordú chomh maith ag bronnadh costais ar an gCoimisiún agus costais áirithe fhorordaithe ar an Páirtithe Fógra.

I ndiaidh an chinnidh sin, chuardaigh Aer Rianta achomharc ón gCúirt Uachtarach agus éisteacht leis an iarratas seo ar an 4 Meitheamh agus rinneadh an cinneadh deiridh ar an dáta sin. Dhiúltaigh an tArd-Chúirt trí cinn de na ceithre achomhairc a rinne Aer Rianta agus deonaíodh cead leanúint ar aghaidh ar cheann amháin.

Rinneadh an tOrdú ag tabhairt cead achomhairc go luath i 2004 agus rinne Aer Rianta Fógra Achomhairc a chur isteach ar an 30 Eanáir 2004. Tá an t-ábhar fós le héisteacht sa Chúirt Uachtarach.

Athbhreithniú Lár-théarma

Gníomhaíocht i rith 2003

In Aibreán 2003 d'éisigh an Coimisiún Fógra chuig páirtithe leasmhara ag leagan amach forais ba dóigh leis a bheadh ina bhforais d'athbhreithniú lár-théarma. Ar an forais seo bhí imeachtaí Mheán Fómhair 11 2001, toradh ar an gcogadh san Iaráic, malairt go leor faisnéise i rith an Athbhreithnithe Bhreithiúnais, moladh críochfort neamhspleách a bheith in aerfort Átha Cliath agus deighilt dualgais b'fhéidir don trí aerfort stáit. Fuarthas aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara agus cuireadh ar láithreán gréasáin an Choimisiúin iad.

I mí Dheireadh Fómhair 2003 d'éisigh an Coimisiún Páipéar Coimisiúin CP3/2003 ag fógairt tosach an athbhreithnithe lár-théarma. Chinn an Coimisiún an t-athbhreithniú a thionól ar bhun an fhorais seo a leanas: imeachtaí Mheán Fómhair 11 2001, toradh an chogaidh an Iaráic agus an malairt mhór eolais i rith an Athbhreithnithe Bhreithiúnais.

I mí na Samhna 2003 d'éisigh an Coimisiún fógra don phobal, Páipéar Coimisiúin CP4/2003, ag leagan amach na saincheistanna a bheadh le hathbhreithniú agus ag lorg ionadaithe ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal. Ina dhiaidh sin, d'éisigh an Coimisiún Aguisín don Fhógra seo ag iarraidh aighneachtaí ar leasú molta den **fho-theorainn** ar tháillí seachbhuaice tuirlingthe agus éirí.

I mí na Nollag 2003 fuair an Coimisiún aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara ar CP4 agus ar an Aguisín. Is é an rún ná an t-athbhreithniú a chríochnú i 2004.

Comhairliú Eacnamaíochta

Bhunaigh an Coimisiún painéal comhairleoirí eacnamaíochta ar féidir leis an gCoimisiún glaach orthu chun cabhrú leis nuair is gá.

Éifeachtacht

I rith 2003, chuaigh an Coimisiún i ngleic le Aer Rianta go forleathan ar nithe a bhaineann lena éifeachtacht. Bhí roinnt cruinnithe ann, agus rinneadh cur i láthair ar shonraí cuí. Rinne an Coimisiún scrúdú sonraithe ar na foinsí móra idirnáisiúnta sonraí ar fad maidir le feidhmíocht aerfoirt.

Costas Fad Rith Incriminteach

Sonraítear Costas Fad Rith Incriminteach (LRIC) mar na costais a thabhaítear chun incrimint a bhfuil tóir air a chomhlíonadh ag cur an staid reatha acmhainne san áireamh. Is éard atá ann na costais fheidhmiúcháin agus caipitiúil a theilgean agus tugann sé bunús eile costais ar a féidir táillí rialaithe aerfoirt a bhunú. I rith 2003, d'fhiosraigh an Coimisiún, le saineolaithe, na ceanglais phraiticiúla agus acmhainne a bhaineann le meastacháin LRIC chuimsitheacha a thógáil d'Aerfort Átha Cliath.

Foirmle Rialúcháin

I 2003 thug an Coimisiún faoi deara go n-oibríonn na foirmlí teorainneacha praghsanna ar bhealach a dhéanann comhaireamh dúbailte ar an téarma rialacháin a dhéanann ceartú ar an teorainn phraghais do under- and over-recovery san am atá caite. Thosaigh an Coimisiún anailís ar an gceist seo le cúnamh ó chomhairleoirí eachtracha agus mhol sé athbhreithniú cuí ar an bhfoirmle a chuirfear i bhfeidhm san athbhreithniú lár -théarma.

Fo-theorainn Sheach-Bhuaice

Is é an prionsabal spreagúil de tháillí fo-theorainneacha ar tháillí tuirlingt sheach-bhuaice agus éirí an Choimisiúin ag Aerfort Átha Cliath ná aerárthaí a dhéanfaidh damáiste den sórt sin den rúidbhealach (bealach tacsaithe agus naprún) nó cosáin go meallfaidís an táille céanna tuirlingthe nó éirí. De bharr an mhodha a úsáideadh, áfach, bhí aimhrialtacht a bhaineann le cineálacha áirithe aerárthaí. D'ainmnigh an Coimisiún cur chuige leasaithe don athbhreithniú lár-théarma chun an aimhrialtacht a ghlanadh amach.

Bunús Sócmhainne Rialacháin agus Dímheas

I ndiaidh athbhreithnithe a bheith déanta ar an eolas forleathan a fuarthas i rith an Athbhreithnithe Breithiúnais, bhí an Coimisiún in ann tosú ar na táillí dímheas a ríomh do gach sócmhainn ag Aer Rianta i dtrí aerfort Éireannach. Nuair a bhí an ríomh déanta, thar thréimhse cúpla mí, d'fhóraigh gnóthas de chuntasóirí eachtracha na figiúirí. Chuir sé seo ar chumas an Choimisiúin luach innéacsaithe na sócmhainní seo a ríomh chomh maith le dímheas innéacsaithe, rud a raibh luach Bunús Sócmhainne Rialacháin (RAB) mar thoradh air, agus figiúirí Dímheas Innéacsaithe bhliantúla, chun a úsáid sa shamhail airgeadais. Tá sé mar rún ag an gCoimisiún na figiúirí nua RAB agus Dímheas a úsáid san athbhreithniú lár-théarma.

Na Sonraí Samhla Airgeadais a Fhíorú

Chomh maith le fíorú An RAB agus Dímheas thuas, fóraíodh na sonraí seo a leanas a úsáidtear sa tsamhail airgeadais ó na sonraí foinse: trácht, costas slándála, táillí rialacháin, ríomh cánach corparáide, binsemharcáil costais oibrithe, binsemharcáil ioncaim trádála agus na foshuímh sa tsamhail.

TIONSCADAIL EILE A RINNEADH I RITH NA BLIANA

CUNTAIS RIALACHÁIN

Deir Alt 28 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 go dtairgfídh aonán rialaithe cuntais iniúchta bhliantúla maidir lena ghníomhaíochtaí rialaithe agus cuirfear iad seo bhí bhráid an Choimisiúin laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana cuntasaíochta. Chuaigh an Coimisiún agus Aer Rianta i gcomhairle lena chéile go rialta agus d'aontaigh siad formáid do na Cuntais Rialacháin seo. Cuireadh na cuntais isteach in am agus rinne an Coimisiún anailís orthu ina dhiaidh sin.

Na Teorainneacha Praghsanna a Chomhlíonadh

D'iarr an Coimisiún agus fuair sé eolas sonraithe ó Aer Rianta a d'fhóraigh gur comhlíonadh na dteorainneacha Praghsanna ar Tháillí Aerfoirt a leag an Coimisiún amach. Leantar le comhairliú le hAer Rianta ar fhormáid feabhsaithe tuairiscithe.

Cur i láthair Eachtrach

I rith 2003 ghlac foireann an Choimisiúin le cuirí cur i láthair a dhéanamh ar rialáil aerfoirt chuig comhdháil a thionól Ollscoil Cranfield, Comhdháil Gheilleagar Neidín agus an Chomhdháil um Eitlíocht Dhomhanda a Fhorbairt.

Clár Oibre do 2004

Déanfaidh an Coimisiún:

- : an t-athbhreithniú lár-théarma a chomhlíonadh ar an gCinneadh maidir le Uas-mhéideanna Táillí Aerfoirt.
- : leanúint mar is gá leis an achomharc chuig an gCúirt Uachtarach a chosaint a rinne Aer Rianta in aghaidh a Chinnidh maidir le Táillí Aerfoirt.
- : measúnú ar chomhlíonadh Aer Rianta ar a Chinneadh.
- : anailís ar na hathruithe a theastóidh sa chreatlach rialacháin mar thoradh ar athrú i struchtúr údaráis an aerfoirt.

TÁILLÍ SEIRBHÍSÍ EITLÍOCHTA NA GCRÍOCHFORT

Gníomhaíocht i 2003

Comhlíonadh Teorainneacha Praghsanna

Chun a fhíorú go raibh Teorainneacha Praghsanna Tháillí Seirbhísí Eitlíochta na gcríochfort a leag an Coimisiún amach comhlíonta, d'iarr an Coimisiún eolas maidir leis an Uasmhéid Meáchain Éirí agus Táillí Seirbhísí Eitlíochta na gCríochfort a tabhaíodh in aerfort Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne. Chuir an tÚdarás um Rialáil Eitlíochta an t-eolas a fiafraíodh ar fáil agus bhí an Coimisiún in ann a fhíorú gur comhlíonadh an Teorainn Phraghsais.

Clár Oibre do 2004.

Tá rún ag an gCoimisiún an clár oibre seo a leanas a chomhlíonadh i 2004:-

Déanfaidh an Coimisiún:

- : a mheas i ndiaidh 25 Márta 2004, an bhfuil forais shubstainteacha ann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh i ndáil le Táillí Seirbhísí Eitlíochta na gCríochfort.

- : a leanúint le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Údaráis um Eitlíocht na hÉireann maidir lena chinntí.

Ceadúnú agus Ceaduithe

CEADÚ LÁIMHSEÁLA AR AN TALAMH

Ag deireadh 2002, bhí 19 féin-lámhadóir⁵ ceadaithe agus 33 sholáthraí ceadaithe seirbhísí láimhseála ar an talamh (nó lámhadóirí tríú páirtí⁶) ag feidhmiú idir aerfort Átha Cliath, Corcaí agus na Sionainne. As an 19 féin-lámhadóir ceadaithe, ceadaíodh 6 chomh maith chun seirbhísí a sholáthar do thríú Páirtithe. Dheonaigh an Coimisiún 6 cheadú féin-láimhseála agus 4 láimhseáil tríú Páirtí le linn 2003.

I rith 2003, ghéill dhá aer iompróir a gceaduithe féin-láimhseála. Scor cuideachta amháin ag trádáil i ndiaidh glacadóra a ainmniú don chuideachta agus chinn an chuideachta eile oibríochtaí a scor go hÉirinn.

Chomh maith leis sin, i rith 2003 dhéileáil an Coimisiún le roinnt iarratas ó chuideachta ag iarraidh cead a gcuid oibríochtaí láimhseála ar an talamh a leathnú chuig gníomhaíochtaí eile nach raibh siad ag déanamh roimhe sin.

Ag deireadh 2003, bhí **23** féin-lámhadóir ceadaithe agus **37** lámhadóir ar an talamh tríú páirtí ceadaithe ag oibriú idir aerfort Átha Cliath, Corcaí agus na Sionainne.

Ar mhaithe le dea-chleachtas rialacháin agus de réir na Rialachán cuí, cinnteoidh an Coimisiún go dtabharfaidh lámhadóirí ar an talamh ceadaithe eolas cuí airgeadais ar bhun bliantúil. Do chuideachta láimhseála ar an talamh ag soláthar seirbhísí do thríú páirtithe, ceanglaítear le reachtaíocht go dtabharfar cuntais dheighilte don Choimisiún. Iarrann an Coimisiún freisin go

⁵ Féadfaidh aerlíne a sheirbhís féin láimhseáil ar an talamh a sholáthar (**féin-láimhseáil**).

⁶ Féadfaidh aerlíne dul isteach i gconradh le cuideachta eile chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar (**láimhseáil tríú páirtí**), le haerlíne eile nó le cuideachta thiomanta láimhseála ar an talamh.

dtabharfaidh lámhadóirí ar an talamh ceadaithe sonraí árachais nuashonraithe ar bhun bliantúil. Le linn 2003, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an bpróiseas iarratais i bhfeidhm do láimhseáil ar an talamh agus rinne sé nuashonrú ar an bhfoirm iarratais. Rinneamar athbhreithniú ar an mbealach a fhaighimid rochtain ar eolas airgeadais a thugann cuideachta láimhseála ar an talamh. Chomh maith leis sin, thionscain Coimisiún na hEorpa próiseas comhairlithe maidir le hathcheartú ar threoir 96/67/CE ón gComhairle maidir le rochtain ar sheirbhísí láimhseála ar an talamh. Ghlac an Coimisiún páirt sa phróiseas comhairlithe seo.

Clár Oibre do 2004.

I rith 2004, tá plean ag an gCoimisiún leanúint lena obair i bhfoirm athnuachana a dhearadh do cheaduithe láimhseála ar an talamh.

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar fhorbairtí maidir le hathbhreithniú ar Threoir 96/67/CE ón gComhairle.

CEADÚNÚ AER IOMPRÓRA

Ar an 1 Eanáir 2003, bhí 18 aerlíne Éireannach in Éirinn. I rith 2003, d'éisigh an Coimisiún Ceadúnas Oibrithe Aer Iompróra chuig oibreoir nua amháin. Mar sin féin, le linn 2003 ghéill oibreoir ceadaithe amháin a Cheadúnas oibrithe Aer Iompróra go deonach i ndiaidh éirí as trádáil nuair a fuair an chuideachta glacadóir.

Le linn 2003, dhéileáil an Coimisiún le hiarratas ó oibreoir a raibh Ceadúnas Oibrithe Aer Iompróra aige cheana féin ag iarraidh a cheadúnas a athrú ó chatagóir B go catagóir A.

Ag deireadh 2003, bhí **18** aerlíne Éireannach ceadaithe.

I rith na bliana, bhunaigh an Coimisiún próiseas athbhreithnithe do shealbhóirí Ceadúnais Oibrithe Aer Iompróra. Caithfear an cheadúnas a athbhreithniú i ndiaidh bliana amháin i ndiaidh é a dheonú agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Rinneadh athnuachan ar cheadúnais 4 aer iompróir i rith na bliana.

Chomh maith leis sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar phróiseas iarratais i bhfeidhm, agus rinne athnuachan ar an bhfoirm Iarratais. Fuaireamar ár nósanna imeachta i ndáil le heolas airgeadais a sheiceáil a chaithfidh aer iompróirí a chur isteach agus chuireamar Foirm Dheimhnithe Árachais chun an t-árachas a bheidh le seiceáil ag aer iompróirí níos éasca. Bunaíodh bunachar sonraí chomh maith chun gach eolas cuí maidir le haer iompróirí ceadaithe a choinneáil.

D'éiligh an Coimisiún go dtabharfadh gach aer iompróir eolas bainteach le húinéireacht agus smacht a ngnó chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh gach aer iompróir ceanglais Airteagal 4 de Rialachán Uimh 2407/92 ón gComhairle. Críochnaíodh an próiseas seo i rith na bliana agus d'fhoilsigh an Coimisiún nóta faisnéise ar cheanglais Airteagal 4 ar a láithreán.

Ar na gníomhaíochtaí breise bhí páirteachas sa phróiseas comhairlithe a rinne Coimisiún na hEorpa ar athbhreithniú a d'fheadfaí a dhéanamh ar Rialachán Uimh 2407/92, 2408/92 agus 2409/92 an 23 Iúil 1992 (an "tríú pacáiste" d'aer iompróir a léirscaoileadh). Tá an próiseas comhairlithe seo leanúnach agus leanfaidh an Coimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar aon fhorbairtí sa réimse seo i rith 2004.

Lean an Coimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí i moladh Choimisiún na hEorpa maidir le Rialachán ón gComhairle ar cheanglais árachais d'aer iompróirí agus d'oibrithe aerárthaí.

Clár Oibre do 2004.

I rith 2004, leanfaidh an Coimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le hathbhreithniú ar an tríú pacáiste ón CE agus forbairtí maidir leis an Rialachán beartaithe ón gComhairle maidir le ceanglais árachais d'aer iompróirí.

Leanfaidh an Coimisiún lena chinntiú go dtabharfaidh gach aer iompróir ceadaithe sonraí árachais agus eolas airgeadais cuí ar bhun bliantúil, mar a cheanglaítear le reachtaíocht.

CEADÚNÚ TRÁDÁLA TAISTIL

Dheonaigh an Coimisiún ceadúnais do 77 tionscnóirí turas 344 gníomhaire taistil le linn 2003 agus ar an 31 Nollaig 2003, 420 ceadúnas a bhí ag tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil.

Le linn 2003, scor ceithre gnóthas a raibh ceadúnais acu ón gCoimisiún de bheith ag trádáil in imthosca ina raibh gá glaoch ar a gcuid cónaisc chun cabhrú lena gcustaiméirí.

Rinne an Coimisiún próiseáil ar éilimh ó beagnach 400 custaiméir ag lorg aisíocaíochta ar airgead a d'íoc siad le ceadúnaithe mar gheall ar shocraíochtaí taistil.

Phróiseáil an Coimisiún roinnt éileamh chomh maith i gcoinne cónasc gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a scor ag trádáil roimh 1 Eanáir 2003.

Chomh maith lena fheidhmeanna maidir le ceadúnú agus éilimh chónaisc, tá sainordú ag an gCoimisiún, faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil) 1982, chun oibleagáid ceadúnú reachtaíochta a chur i bhfeidhm do thionscnóirí turas agus gníomhairí taistil.

Ar an mbun seo, fuarthas roinnt gearán maidir le trádáil neamhcheadaithe agus d'fhiosraigh an Coimisiún iad i 2003. I roinnt cásanna, chuir siad siúd a fiosraíodh isteach ar cheadúnais a deonaíodh iad dóibh.

Clár Oibre do 2004:

Ar an 1 Eanáir 2004, éagfaidh gach ceadúnas ag tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil i rith na bliana agus is dóigh go lorgóidh beagnach gach sealbhóir ceadúnais ceadúnas nua.

Bíonn an Coimisiún de shíor ag fáil iarratais chun a phróiseáil ó thionscnóirí nua turas agus gníomhairí taistil ag dul isteach sa mhargadh agus ceaptar go leanfar leis seo i 2004.

Leanfaidh an Coimisiún le haon líomhaintí maidir le trádáil neamhcheadaithe sna hearnálacha tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil a gheobhaidh sé agus glacfaidh sé céimeanna is dóigh leis is cuí i gcásanna den sórt sin.

Tá oibleagáid reachtúil ar an gCoimisiún airgead a thabhairt dá oibríochtaí ó ioncam a fhaightear ó na hearnálacha, a rialaíonn sé trí thobhach bliantúil nó táillí ceadúnais.⁷

Ar an mbun seo, b'fhéidir go gcaithfí táillí ceadúnais tionscnóirí turas agus gníomhairí taistil a mhéadú i 2004 chun dóthain ioncaim a dhéanamh chun gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus infheidhmithe an Choimisiún a mhaoiniú.

⁷ Téigh chuig an gcuid ar Thobhach ar leathanach 26.

LEITHROINNT SLIOTÁN

Gníomhaíocht i 2003

Cúlra Reachtúil

Faoin Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, is é an Coimisiún an t-údarás forásach in Éirinn faoi Rialachán (CEE) 95/93 den 18 Eanáir 1991 ón gComhairle (*a leagann amach comhrialacha do leithroinnt sliotán in aerfoirt Chomhphobail*). Cé go dlíthiúil nach bhfuil cead ag an gCoimisiún a bheith ina chomhordaitheoir, tá an fheidhm aige ceapachán a dhéanamh nó a leasú maidir le stádas aerfoirt a chomhordú agus comhordaitheoir a cheapadh, nuair is gá.

Fógraíodh Aerfort Átha Cliath mar aerfort comhordaithe i 2000 agus faoi láthair is é an t-aon aerfort Éireannach é atá mar seo. Faoi láthair, tá an Coimisiún ag breathnú ar iarratas ó Aer Rianta go bhfógrófaí Aerfort Átha Cliath mar chomhordaithe go hiomlán. Déantar plé níos sonraí air seo thíos.

Idirchaidreamh leis an gcomhordaitheoir agus Aer Rianta

Fuair an Coimisiún gach mionteagasc agus eolas riachtanach i rith 2003 ón gcomhordaitheoir ainmnithe, Airport Coordination Limited (ACL), agus thug faoi deara sástacht ghinearálta gach páirtí leis an gcaoi a dhéantar Aerfort Átha Cliath a chomhordú.

I 2003, leanadh le hionadaíocht an Choimisiúin ag cruinnithe de Choiste Comhordaithe Aerfort Átha Cliath agus d'fhan sé i dteagmháil rialta le húdaráis Aerfort Átha Cliath maidir le saincheisteanna comhordaithe.

Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghlacadh leis na páirtithe leasmhara in Aerfort Átha Cliath as a gcomhoibriú i gcomhordú éifeachtach agus rathúil a bhaint amach go dtí seo.

Iarratas ar chomhordú iomlán ar Aerfort Átha Cliath

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2002, fuair an Coimisiún iarratas ó Aer Rianta i Meán Fómhair 2002 go n-athrófaí stádas Aerfort Átha Cliath ó “comhordaithe” go “comhordaithe go hiomlán”⁸. I ndiaidh breathnú ar ábhar cuí a sholáthróidh Aer Rianta agus tÚdarás Eitlíochta na hÉireann ar iarratas ón gCoimisiún, agus de bharr na forbartha ar thrácht agus aeirloingseoireacht a fheictear in Aerfort Átha Cliath, ghlac an Coimisiún, i mBealtaine 2003, an tuairim nár theastaigh Aerfort Átha Cliath a ainmniú mar chomhordaithe go hiomlán.

Ag teacht ar an gcinneadh seo mar sin féin, léirigh an Coimisiún do Aer Rianta, de bharr na héiginnteachta leanúnaí sa mhargadh eitlíochta domhanda, leanfadh sé le monatóireacht a dhéanamh ar an seasamh agus léirigh sé a rún anailís iomlán neamhspleách cumais a dhéanamh ar an aerfort sa chéad cheathrú de 2004.

I mí Eanáir 2004 thug an Coimisiún cuireadh do thairiscintí don anailís riachtanach cumais agus táthar ag súil a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas Aer Rianta sa chuid deiridh de 2004.

Moladh maidir le rialachán leasaithe comhairle ar leithroinnt sliotán

Ag Mullach Stócólm i mí Márta 2001, d’aontaigh Ballstáit go mba chóir na rialacha a rialáíonn leithroinnt sliotán in aerfoirt Chomhphobail (Rialachán 95/93) a láidriú chun a chinntiú go mbaintear an tairbhe is mó as easpa áiseanna. Dá réir sin, aontaíodh go gcaithfí leasú substaintiúil a dhéanamh ar an Rialachán chun é sin a dhéanamh.

⁸ Ag aerfort comhordaithe, éascaíonn an comhordaitheoir iarratais sliotán na n-aerlínte trí chomhoibriú deonach idir aerlínte. Ag aerfort comhordaithe go hiomlán, ní féidir le haerlínte oibriú ach nuair a bhíonn sliotán leithroinn ag comhordaitheoir.

Ag an gComhairle TTE an 5 Nollaig 2003, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú leathan polaitiúil maidir le téacs rialacháin leasaithe, a sheasann don chéad chéim i bpróiseas cuimsitheach.

Is iad na hathruithe tábhachtacha a moladh sa rialachán leasaithe: -

- Leasuithe agus breiseanna do na sainmhínithe chun soiléireacht níos fearr a bhaint amach
- Stádas neamhspleách an chomhordaitheora agus an choiste chomhordaithe a athneartú ag gach aerfort comhordaithe, agus
- Smachtbhannaí a sholáthar áit a n-úsáidtear sliotáin ar bhealach maslach.

I ndiaidh na Comhairle, tarchuireadh an dréacht-Rialachán leasaithe ar ais chuig Parlaimint na hEorpa do chomhaontú.

Clár Oibre do 2004.

Stádas Comhordaithe Aerfort Átha Cliath

Ag tógáil ar anailís chumais atáthar ag súil leis ar Aerfort Átha Cliath, déanfaidh an Coimisiún cinneadh roimh lár Dheireadh Fómhair 2004 maidir le stádas comhordaithe lár-théarma Aerfort Átha Cliath.

Leasuithe ar Rialachán leithroinnt sliotán

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an Rialachán leasaithe a ghlacadh agus cuirfidh sé na riachtanais infheidhmithe i bhfeidhm nuair is gá.

Comhordaitheoir Aerfort Átha Cliath a Ainmniú

Críochnóidh tréimhse ceapacháin an chomhordaitheora reatha Márta 2005. sa chuid deiridh de 2004, tá rún ag an gCoimisiún comhairliú a thionscnamh leis na páirtithe leasmhara ar fad maidir leis an gcomhordaitheoir a cheapadh arís.

OIBLEAGÁIDÍ RIARACHÁIN AGUS DLÍ GINEARÁLTA A CHOMHLÍONADH.

Dlíthiúil

Treoracha faoi Alt 10 den Acht.

Forálann alt 10 den Acht go bhféadfaidh an táir cibé treoracha ginearálta beartais a thabhairt don Choimisiún a mheasfaidh sé is cuí agus a chomhlíonfaidh an Coimisiún.

Níor eisíodh treoracha den sórt sin i 2003.

Pearsanra

Le linn 2003, leanadh le meascán foirne ón Roinn Iompair agus foireann fostaithe go díreach ag an gCoimisiún a bheith sa Choimisiún.

I 2003, líon an Coimisiún folúntas ceadaithe amháin (Leas-Cheannaire Gnóthaí Dlíthiúla), ag méadú na foirne sa Choimisiún ar an 31 Nollaig 2003 go 17, agus tá 8 acu ar iasacht ón Roinn Iompair.

Cuireadh leis an dúshlán a bhí ag an gCoimisiún mar gheall ar easpa foirne, a luadh i dtuarascáil 2002, tuilleadh i 2003 mar gheall ar an ngá freagra a choinneáil ar imeachtaí dlí, agus páirt a ghlacadh in obair ullmhúcháin a bhí ina réamhtheachtaí riachtanach ag an am céanna chun táillí aerfoirt a athbhreithniú. Rinne an Coimisiún cás gnó d'fhoireann bhreise chuig an Roinn Iompair i rith an chéad leath de 2003 agus is fuath linn a rá go gcaithfear a thaifead anseo nach raibh an tAire Iompair ná an tAire Airgeadais in ann an t-iarratas sin a fhreagairt.

Aoisliúntas

Fanann an Coimisiún le ceadú reachtúil on Aire Iompair agus ón Aire Airgeadais chun scéimeanna aoisliúntais substainteacha a cuireadh isteach i 2002 a dhréachtú.

Ag an am céanna, tá cead faighte ag an gCoimisiún ó na Coimisinéirí Ioncaim chuig scéimeanna eatramhacha (atá an-chosúil leis an scéim shubstainteach molta) agus a thugann an leibhéal céanna liúntais. Tá gach scéim maoinithe go hiomlán fós.

Comhairleoirí a Choimeád

Tá cumhacht ag an gCoimisiún faoi alt 14 den Acht cibé comhairleoirí a choimeád a mheasfaidh sé is cuí chun a fheidhmeanna a urscaoileadh go héifeachtach.

I 2003, choinnigh an Coimisiún comhairleoirí chun cabhrú ina chosaint ar imeachtaí athbhreithnithe breithiúnais, rialáil táillí aerfoirt, acmhainní daonna, leithroinnt sliotán, na meáin/cumarsáid, agus tacú le córais TF agus iad a chothabháil.

Cumarsáid agus Caidreamh na Meán

Lean an Coimisiún lena bheartas a fheidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach oscailte agus inrochtana i 2003. Cosúil le blianta eile, cuireadh gach doiciméad poiblí, páipéir chomhairliúcháin, tuarascálacha, fógraí agus fógráin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Nuair a iarradh, chuir an Coimisiún cóipeanna crua dá fhoilseacháin ar fad ar fáil saor in aisce.

Le linn 2003, d'éisigh an Coimisiún 5 pháipéar comhairlithe, sonraí leagtha amach in Aguisín 1.

Tá an Coimisiún tiomanta do bheartas a chinnteoidh go mbeidh rochtain ag na páirtithe leasmhara ar fad air chomh maith leis an bpobal, agus i 2003 lean sé le cur lena rochtain maidir le feidhmeanna leathana ceadúnaithe. Rinneadh modhnú ar a láithreán gréasáin chun rochtain ar sheirbhísí an Choimisiúin a dhéanamh níos éasca d'aonáin rialaithe agus don phobal ginearálta.

Oibleagáidí Riaracháin

Cód Cleachtais a chur i bhfeidhm do chomhlachtaí Stáit a Rialú.

I 2001, d'éisigh an Roinn treoirlínte chun comhlachtaí Stáit a rialú. Glacadh leis, áfach, sa cháipéis sin nach mbeadh roinnt gnéithe de na treoirlínte sin feiliúnach nó cuí go hiomlán do chomhlachtaí Stáit rialaithe cosúil leis an gCoimisiún. Tuigeann an Coimisiún an gá atá le feidhmiú ag an gcaighdeán is airde de rialachas corparáide agus rinne an tuarascáil seo a leanas ar na gnéithe sin de na treoirlínte a mheas sí is cuí don Choimisiún.

Cód Iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe

Níl aon stiúrthóirí ar an gCoimisiún. Tá cód iompair curtha i bhfeidhm maidir leis an bhfoireann ar fad agus áirítear é, nuair is cuí, mar choinníoll conartha fostaíochta. Is iad téarmaí an chóid iompair ná iad siúd sonraithe sna treoirlínte agus tá toiliú tuismitheora mar chuid de théarmaí agus coinníollacha na fostaíochta. Tosaíodh ar athbhreithniú ar ghnéithe áirithe den chód sin i 2003 i gcomhpháirtíocht le gach duine a mbeadh tionchar aige air.

Procurement

Comhlíonann nósanna imeachta soláthair laistigh den Choimisiún iad siúd sonraithe i dtreoirlínte náisiúnta 1994 agus nuair is iomchuí, Treoracha AE Soláthar. Mar gheall ar nádúr agus méid a riachtanais chomhairlithe, go hiondúil bronntar conarthaí den sort sin faoi threoirlínte náisiúnta.

Sócmhainní a dhiúscairt chuig Tríú páirtithe

Níl aon sócmhainní ag an gCoimisiún den chineál atá i gceist faoi na Treoirlínte. Trealamh oifige agus fearais TE iad sócmhainní an Choimisiúin den chuid is mó. I ndiaidh dul i gcomhairle le gníomhairí eile maidir le cleachtas ginearálta diúscartha líon beag stáisiúin oibre TE i rith 2003 chuig an bhfoireann (d'iomrá suaitheantais) nó go seachtrach, mar mhalartú ar sheirbhísí eile TE.

Fochuideachtaí agus Fáltas a bhunú

Níor bunaíodh aon fhochuideachta ná aon fháltas i rith 2003.

Ilghnéitheach

Ní dhearna an Coimisiún aon mholtaí ilghnéitheachta chuig an Aire le linn 2003.

Luacháil infheistíochta

Ní raibh aon mholtaí suntasacha caipitil ag an gCoimisiún i 2003, seachas fearais oifige agus TE a fháil. Bhí feidhm ag beartais chaighdeánacha soláthair le caiteachas den sórt sin.

Táillí Stiúrthóra Luach Saothair

Cinneann an Comhlacht Athbhreithnithe um Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí luach saothair an Choimisinéir agus níl aon ról ag an gCoimisiún sa leibhéal sin a shocrú. Níl aon táillí breise iníoctha anuas ar an luach saothair sin.

Mar gheall nach bhfuil aon stiúrthóirí sa Choimisiún, ní thagann an cheist aníos maidir le táillí stiúrthóra a íoc.

Socruithe tuairiscithe airgeadais

Déanann an Coimisiún tuarascálacha den sórt sin chuig an Aire agus an Roinn de réir mar is gá. Tá córas cuntasáochta inmheánach forbartha go hiomlán ag an gCoimisiún a thugann tuarascálacha bainistíochta agus airgeadais sonraithe míosúla chuig cinn fheidhme. Chomh maith leis sin tá an Coimisiún faoi réir iniúchta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. I rith 2003, críochnaigh na hiniúcháir ráitis airgeadais 2001 agus cuireadh iad seo faoi bhráid an Aire le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Thug an Coimisinéir tuairisc ar Leith don Aire, mar a cheanglaítear le hAlt 10.2 de na Treoirlínte.

Pleanáil Straitéiseach agus Corparáideach

Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach i reacht. Tugann an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar an mbealach a chomhlíontar na feidhmeanna sin sa bhliain atá caite. Chomh maith leis sin, cuireann an Coimisiún síos ar mholtaí straitéiseacha lár-théarma maidir leis na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

AIRGEADAS

Tuarascálacha agus Cuntais

Táirgeann feidhm airgeadais an Choimisiúin cuntais mhíosúla bhainistíochta agus tuarascálacha míosúla cáinainéise a leagtar faoi bhráid gach Ceann Feidhme. Tá an Coimisiún faoi réir iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Torthaí airgeadais don tréimhse dar chríoch 31 Nollaig 2001

I rith 2003, chríochnaigh na hiniúcháirí ráitis airgeadais do 2001 agus cuireadh iad seo faoi bhráid an Aire le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais, mar a iarradh faoi Alt 26(b) den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001.

Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2002

Tá an Coimisiún ag fanacht le go gcríochnóidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an t-iniúchadh ar chuntais 2002. Cuirfear iad seo faoi bhráid an Aire le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais a luaithe is a bheidh an t-iniúchadh réidh, de réir Alt 26(b) den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001.

Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003

Tá Dréacht-Ráitis Airgeadais curtha isteach ag an gCoimisiún don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003 chuig an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Cuirfear iad seo faoi bhráid an Aire le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais a luaithe is a bheidh an t-iniúchadh réidh.

Iniúchadh Inmheánach

De réir ár Ráiteas um Smacht Inmheánach Airgeadais, chun freagracht an Choimisiúin a chomhlíonadh ar bhealach a chinnteoidh go gcomhlíonfar reachtaíocht agus rialacháin, bhunaigh an Coimisinéir struchtúr eagraíochta le nósanna imeachta soiléire feidhmíochta agus tuairiscithe, le línte freagrachta, le teorainneacha údaraithe, leithscaradh freagrachtaí agus údarás tiomnaithe.

Tá áit ag an gCoimisiún i gcreat láidir smachta, a chlúdaíonn gach réimse den smacht.

Cé nach rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar an gcóras smachta inmheánacha airgeadais i 2002, tá sé beartaithe athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh i ndáil le 2003. Tá an Coimisiún faoi láthair ag forbairt córas inmheánach iniúchta.

Comhlíonadh Cánach

Tá ar an gCoimisiún PAYE, CBL agus PSWT a íoc. Seolann an Coimisiún na cánacha cuí isteach agus comhlíonann sé a dhualgas cánach.

Leasaíodh Sceideal 13, den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 leis an Acht Airgeadais 2003 chun an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta a áireamh mar dhuine cuntasach chun críocha Reachtaíocht PSWT le héifeacht ón 1 Bealtaine 2003.

Tobhach

Forálann Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, chun críocha costais a thabhoídh an Coimisiún ina fheidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht a íoc i gceart, go bhféadfaidh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh ag gearradh tobhach chun a chostais agus caiteachais fheidhmíoch a íoc ach gan dul thairis. Tá an tobhach iniúchta ag réimsí gnóthais den sórt sin a shonróidh an Coimisiún.

Eisíodh I.R Uimh. 695 de 2003 Na Rialacháin fán Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 (Tobhach Uimh. 4) 2003, chun éifeacht a thabhairt do Thobhach an Choimisiúin do 2004.

Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003

Dréacht-Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003, a bheidh faoi réir iniúchta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, leagtha amach sna leathanaigh ina dhiaidh seo.

Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Cuntas Dréacht-Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003

	<i>Notes</i>	2003 €	2002 €
Ioncam			
Admhálacha Tobhaigh	2	5,170,564	3,266,404
Táillí Ceadúnais	2	467,696	444,242
Eile		44	-
Ioncam Iomlán		5,638,304	3,710,646
Aistriú (go) / ó Chuntas Caipitil	8	(11,914)	(36,387)
Ioncam Glan		5,626,390	3,674,259
Caiteachas			
Pá	3	1,215,224	778,542
Comhairliú		417,069	129,470
Táillí Dí		1,413,076	2,059,381
Fógraíocht & Caidreamh Poiblí		17,036	62,580
Taisteal & Cothú		11,761	11,490
Oiliúint		50,806	28,774
Táille Iniúchta		8,000	7,300
Cothabháil Láithreáin		11,583	8,704
Cíos		272,910	156,479
Leictreachas		6,128	4,358
Árachas		117,772	74,887
Ús do DPE ar lasachtaí		-	79,770
Páipéarachas Oifige		24,232	22,889
Postas & Iompras		3,964	3,535
Teileafón		20,728	18,439
Eile		330,104	201,315
		3,920,394	3,647,914
Farasbarr Feidhmíochta / (Easnamh)		1,705,996	26,345
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2003		2,849	(17,264)
Farasbarr Feidhmíochta don bhliain		1,705,996	26,345
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2003		1,708,845	9,081

Níl aon bhrabach ná caillteanais seachas iad siúd a phléitear sa Chuntas Dréacht-Ioncaim & Caiteachais.

Dréacht-Chlár Comhardaithe an 31 Nollaig 2003

	<i>Nótaí</i>	€	2003 €	€	2002 €
Sócmhainní Buana					
Sócmhainní Inláimhsithe	4		60,626		47,500
Sócmhainní Reatha					
Cuntais Bainc	5	16,243,139		100,487,44	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6	527,187		18,7910	
		16,770,326		10,236,653	
Creidiúnaithe: Méideanna le híoc i mbliain amháin					
Cuntais Bannaí Airgid	5	(13,659,836)		(9,189,782)	
Creidiúnaithe agus Fabhrú	7	(1,402,858)		(1,037,790)	
Sócmhainní Reatha Glana			1,707,633		9,081
Sócmhainní Glana			1,768,259		56,581
Maoinithe ag					
Barrachas/ (Easnamh) Cuntais Ioncaim & Caiteachais			1,708,845		9081
Cuntas Caipitil	8		59,414		47500
Caipitil Úsáidte			1,768,259		56,581

William Prasifka
An Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíocht**Ráiteas Dréacht-Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2003**

	2003 Euro	2002 Euro
Réiteach barrachais a oibriú go glan		
Sreabhadh airgid isteach/(amach) ó ghníomhaíochta feidhmíochta		
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas	1,705,996	26,345
Dímheas	15,666	16,144
Ús Bainc	(23,445)	12
Aistriú (ó) / go Cuntas Caipitil	11,914	36,387
Coigeartú Neamh-Airgid	(6,231)	-
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe	(280,627)	2,231,255
Méadú i Réamh-íocaíochtaí	(58,650)	(113,150)
(Laghdú) / Méadú i gCreidiúnaithe	563,265	(114,293)
Laghdú i bhFabhrú	(198,198)	103,298
Sreabhadh Airgead Glan Isteach / (Amach) ó Ghníomhaíochtaí	1,729,690	2,185,998
Ráiteas um Sreabhadh Airgid		
Sreabhadh Airgead Glan Isteach / (Amach) ó Ghníomhaíochtaí Feidh	1,729,690	2,185,998
Toradh ar infheistíocht		
Ús Bainc	23,445	(12)
Caiteachas Caipitil		
Sócmhainní Buana a cheannach	(28,794)	(52,531)
Acmhainní Leachtacha a Bhainistiú		
Maoiniú ón DPE	-	-
Méadú ar Chuntais Bannaí Airgid & TPF	4,470,054	3,941,702
Méadú / (Laghdú) i gComhardaithe Airgid	6,194,396	6,075,158
Réiteach sreabhadh glan airgid chuig gluaiseachtaí i gcistí glana		
Méadú / (Laghdú) in airgead ar láimh sa tréimshe	6,194,396	6,075,158
Sreabhadh Airgid Isteach/(Amach)		
Cistí Glana ag an tús	10,048,744	3,973,587
Cistí Glana ag an deireadh	16,243,139	10,048,744

AGUISÍN I - Páipéir Choimisiúin eisithe i 2003.

Uimhir	Dáta eisithe	Teideal
CP 01/2003	21 Márta 2003	Leibhéal is airde Táillí Seirbhísí Críochfort Eitlíochta Ráiteas Sealadach Comhlíonadh Bliantúil don Bhliain Rialacháin 26 Márta 2002 go 25 Márta 2003 agus Ríomh ar na Teorainneacha Praghsanna don Bhliain Rialacháin 26 Márta 2003 go 25 Márta 2004
CP 02/2003	24 Meán Fómhair 2003	Leibhéal is airde Táillí Aerfort Ráiteas Comhlíonadh Bliantúil don Bhliain Rialacháin 24 Meán Fómhair 2002 go 23 Meán Fómhair 2003 agus Teorainneacha Sealadacha Praghsanna don Bhliain Rialacháin 24 Meán Fómhair 2003 go 23 Meán Fómhair 2004
CP 03/2003	16 Deireadh Fómhair 2003	Leibhéal is airde Táillí Aerfort Fógra ar Thosach Athbheithnithe i nDáil leis an gCinneadh maidir leis an Leibhéal is Airde Táillí Aerfoirt Foilsithe 26 Lúnasa 2001
CP 04/2003	7 Samhain 2003	Fógra ón gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta maidir leis an gCinneadh maidir leis an Leibhéal is Airde Táillí Aerfoirt ag leagan amach na Saincheisteanna le bheith Athbheithnithe agus ag lorg Ionadaithe ó Pháirtithe Leasmhara nó ón bPobal
Aguisín do CP4	26 Samhain 2003	Dréacht-Mholadh don Leasú ar an bhfo-Theorainn ar Tháillí Tuirlingt Seach-bhuaice & Éirí ag Aerfort Átha Cliath